V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10431 – ALI GROUP / WELBILT)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 185/10)

1. An 28 Aibreán 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle agus tar éis tarchur de bhun Airteagal 4(5) den Rialachán sin ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Ali Holding S.r.l. ("Ali Group", an Iodáil),

— Welbilt, Inc ("Welbilt", SAM).

Gheobhaidh Ali Group rialú aonair ar Welbilt ina n-iomláine, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Ali Group: an comhlacht corpraithe Iodálach réimse leathan trealaimh seirbhíse bia tráchtála agus institiúideach, lena n-áirítear meaisíní déanta oighir agus oighinn, a mbaintear úsáid astu i mórionaid tráchtála agus phoiblí, déanann an comhlacht an trealamh sin a dhearadh, a mhonarú, a mhargú agus seirbhís air. Tá saoráidí monaraíochta ann chomh maith le fochuideachtaí díolacháin agus seirbhísí ar fud an domhain, an Eoraip san áireamh. Is é Ali Group ceann de na grúpaí is mó ar domhan sa tionscal seo agus feidhmíonn sé faoi 80 branda domhanda ar nós Baron, Olis, Lainox, Menumaster, XpressChef agus Scotsman,

— Welbilt: an comhlacht corpraithe Meiriceánach a thairgeann trealamh atá in ann táirgí bia agus dí a stóráil, a chócaráil, a choinneáil, a thaispeáint, a scaipeadh agus a riar. Déanann sé trealamh a dhearadh, a mhonarú agus a sholáthar a mbaineann oibreoirí tráchtála agus institiúideacha seirbhísí úsáid as. Tá saoráidí monaraíochta ag Welbilt atá ag feidhmiú ar fud Chríocha Mheiriceá (áit a bhfuil an chuideachta gníomhach den chuid is mó), na hEorpa agus na hÁise. Cuireann sí táirgí ar fáil faoi bhrandaí ar nós Merrychef, Convotherm agus Manitowoc.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10431 – ALI GROUP / WELBILT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË